

Machnamh

Tá pian saoil ag Dia domsa

Chruthaigh Dia mé ionas go bhféadfainn obair faoi leith a dhéanamh dó. Tá gnó curtha i leataobh aige dom, nár bhronn sé ar dhuine ar bith eile. Tá misean le comhlíonadh agam. Seans nach dtuigfidh mé ar chor ar bith i rith an tsaoil seo é, ach nochtfar dom é i rith na beatha síoraí. Is nasc mé i slabhra áirithe, is ceangal i measc daoine mé. Níorbh saothar in aisce í mo bhreith. Déanfaidh mé an mhaitheas, comhlíonfaidh mé A chuid oibre. Aingeal na síochána a bheidh ionam, an duine a chraobhscaoileann an fhirinne im' thimpeallacht féin, fiú má dhéanaim go neafaiseach é agus aitheanta Dé á chomhlíonadh agam. Cuirfidh mé mo mhúinín Ann dá bharr san. Cuma cad a bheidh ionam, ní féidir mo bheatha a chaitheamh i leataobh. Má bhíonn tinneas orm, d'fhéadfadh go bhfreastalódh an tinneas sin Air, má bhím trí chéile agus mearbhall orm, d'fhéadfadh go bhfreastalódh an crá chroí sin Air. Má bhíonn cumha orm, seans go bhfreastalódh an cumha sin Air chomh maith. Tá fios a ghnó Aige, ní cur amú rud ar bith a dhéanann Sé. Dá mbainfeadh sé mo chairde díom, dá bhféadfadh sé i measc strainséirí mé, dá mbeadh cuma tréigthe orm nó dá mbeinn in isle brí Dá bharr, nó dá ndéanfadh sé an saol atá romham a cheilt orm, mar sin féin tá fios a ghnó aige.

John Henry Newman Beannaithe



Acmhainní

SUÍMH GHRÉASÁIN

www.catholicbishops.ie

Suíomh Chomhdháil Easpag Éireann

www.dayforlife.org

Suíomh Lá Fhéile na Beatha

FOILSEACHÁN ÁBHARTHA

From Crisis to Hope:

Working to Achieve the Common Good
An Chomhairle ar mhaithe le Síocháin agus
Ceart de Chomhdháil Easpag Éireann

Ar fáil ó Oifig Chaitliceach na Cumarsáide

www.catholicbishops.ie



Déanann an Eaglais in Éirinn, in Albain i Sasana is sa Bhreatain Bheag, Lá Fhéile na Beatha a cheiliúradh in aghaidh na bliana. Lá ar leith é ina ndéantar feasacht a spreagadh i ndaoine maidir le brí agus luach na beatha daonna, i ngach aon chruth a bhíonn uirthi agus i ngach aon riocht ina mblonn sí: www.dayforlife.org

Urnaí Lá Fhéile na Beatha

Gabhaimid buíochas leat a Dhia as an mbeatha a bhronnadh orainn.

Deonaigh go mbeidh meas agus urraim againn ar an dínit uathúil a bhaineann le cách, agus ar an gcion tairbhe a dhéanann gach duine againn i saol an domhain, agus sinne ar fad ag comhlíonadh na hoibre a bhronn tusa orainn.

Deonaigh trí do ghrásta féin go mbeidh ar ár gcumas leas an uile dhuine againn a chur ar aghaidh sa saol, agus sinn ag freastal ar a chéile i spiorad na flaithiúlachta trí Iosa Críost Ár dTiarna, Áiméan.

'Tá dóchas ionam maidir le mo shaol féin, agus maidir le stair an domhain i gcoitinne, cuma faoi na teipeanna a bhaineann linn, go mbíonn tacaíocht dochloíte againn ó chumhacht domhille an Ghrá, agus go bhfuil brí agus tábhacht ag baint linn dá bharr. Is as an dóchas seo, agus as an gcineál dóchais seo amháin, a thiocfaidh an misneach chugam dul i mbun ghnímh go buanseasmhach.'

An Pápa Beinidict XVI, *Spe Salvi*, n.35



www.catholicbishops.ie



www.facebook.com/pages/Irish-Catholic-Bishops-Conference/186044185648



www.twitter.com/catholicbishops



www.youtube.com/user/IrishCatholicBishops



VERITAS
www.veritas.ie

TEACHTAIREACHT LÁ FHÉILE NA BEATHA

AN DOMHNACH,
2 DEIREADH FÓMHAIR 2011

Gairm chun dlúthpháirtíochta
agus chun dóchais ag an am
anróiteach seo

Bígí suairc le dóchas, seasmhach faoi
thrioblóid, ag guí gan staonadh.

(Rómh 12:12)



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN



Ar an lá seo, Lá Fhéile na Beatha i mbliana, déanaimid machnamh ar an mbrí a bhaineann le saol sona iomlán a chaitheamh. Tugaimis chun cuimhne sa mhachnamh seo an méid a bhí le rá ag ár bPápa Beinidict agus é ar chuairt i Sasana le déanaí, nuair a dúirt sé: 'Bíonn an uile dhuine againn ag iarraidh saol sona sásta a chaitheamh, ach is tragóid nach beag é, nach n-éiríonn leis an oiread sin daoine a leithéid a dhéanamh, toisc go mbíonn siad sa tóir ar an saol sásúil san áit mhícheart. Réiteach simplí atá ar an fhadhb seo - is i nDia amháin a chaithfimid an saol sona. Bíodh sé de mhíneach againn ár ndóchas iomlán a bheith i nDia amháin againn, ní in airgead, ná i slí bheatha ar leith, ná go mbeadh rath orainn os comhair an tsaoil, ná sa ghaol a bheadh againn le daoine eile, ach i nDia. Is eisean amháin a shásóidh mianta doimhne ár gcroí.'

(An Pápa Beinidict XVI, *The Big Assembly: Address to Young People*, Twickenham, Sasana, 17 Meán Fómhair 2010)

Sa chultúr ina gcónaí ceaptar go minic go mbraitheann an sonas ar airgead, ar ghairmréim rathúil agus ar an saol bog a bheith ag duine, ach táthar ann anois agus athsmaoineamh á dhéanamh acu faoin mbrí cheart agus an sonas firinneach a bhaineann leis an mbeatha dhaonna. De bharr na géarchéime i saol na mbanc agus sa gheilleagar ach go háirithe, tá cuid mhaith daoine indibhidúla agus teaghlai, míshocair faoin todhchaí atá rompu.

Mar Chríostaithe, ní thagann domhainlúcháir na beatha chugainn mar dhaoine ón iarmhais ábhartha atá againn, agus ní thagann sé chugainn ónár gcuid mórgníomhartha. Tagann sé ón tuiscint seo, gur féidir linn a rá: 'Sular chumadh mé sa bhroinn, bhí aithne agus cion ag an gCruthaitheoir orm' (Irimia 1:5; Salm 139), sé sin go raibh cion pearsanta ag Dia orm ón uair a ghineadh mé sa bhroinn, go mbeidh an cion céanna Aige orm go dtí uair mo bháis, agus go bhfuil an bheatha shíoraí i ndán dom. Tagann an chinnteacht seo chugainn de bharr na tuisceana atá againn, go gcónaíimid i gcroí bhoise Dé agus nach gcaithfimid ár saol mar sheal gan luach. Mar a dúirt John Henry Newman Beannaithe uair, 'Chruthaigh Dia mé ionas go bhféadfainn obair faoi leith a dhéanamh dó ... níorbh saothar in aisce í mo bhreith'. Tá plean saoil ag Dia dom, 'smaointe síochána, agus ní oilc, a thabhairt croí agus dóchas' (Irimia 29:1-14).

Déanann Dia saol a thairiscint dúinn gur saol fíor é, ní toisc go n-áirítear na mórgníomhartha a dhéanfadh duine, ach toisc gur chruthaigh Dia muid, agus go bhfuil grá síoraí Aige dúinn. Nuair a thuigimid go firinneach go bhfuil an cion sin Aige orainn, agus nach féidir le rud ar bith 'sinn a scaradh ó ghrá Dé' (Rómh 8:39), is féidir linn saol lán de bhrí is de dhóchas a chaitheamh in aghaidh an angair, in aghaidh an léin, fiú in aghaidh an bháis féin. Is de bharr grásta Dé gur féidir linn leanúint ar aghaidh lá i ndiaidh lae le lúcháir fhoighneach, an dóchas dár spreagadh, ag maireachtáil i saol nach féidir leis bheith foirfe ann féin riamh.

Nuair a theipeann an saol orainn, is é an cairdeas agus an cúram a dhéanann daoine eile dinn a bheidh mar fhoirse rithábachtach den sóláas, den tuiscint agus den dóchas a bheidh uainn. Má bhíonn plean saoil ceart le cur i ngníomh againn, caithfimid cultúr an ghrá a chothú: caithfimid tacaíocht phraiticiúil a léiriú dá chéile, agus cúram a dhéanamh den té a bhfuil cónaí air nó uirthi inár bpobal féin agus atá in am an ghátair. Má dhéanann an tsochaí ina mairimid an duine leochaileach agus an duine lag a chosaint, cuireann sé sin leis an sonas a roinnfimid lena chéile, agus má dhéanann an tsochaí ina mairimid grá a léiriú agus cúram a dhéanamh díobhsan nach bhfuil maoin an tsaoil acu, cuireann sé sin le saibhreas ár mbeatha féin.

Léirítear ceann de na samplaí is fearr atá againn den saghas seo smaoinimh i scéal na cuairte a thug an Mhaighdean Bheannaithe ar Eiliosaibeit. I ngníomh éachtach flaithiúil a léirigh an cúram a rinne sí de dhaoine eile agus í gan bheith ag smaoineamh uirthi féin amháin, deir Naomh Lúcas linn gur chuir Muire chun bóthair go luath tar éis di an scéala a chloisteáil go raibh sí féin ag iompar clainne trí chumhacht an Spioraid Naoimh, agus d'imigh go deifreach faoi dhéin na gcnoc go dtí Iúdá, chun tacaíocht a thabhairt dá col ceathrar Eiliosaibeit. Is dearbhú láidir ar leith é ar naofacht na beatha sa bhroinn, nuair a deir Lúcas linn gur 'bhíog an naionáin ina broinn' chomh luath agus a chuala Eiliosaibeit beannachadh Mhuire. (Lúcas 1:44). Deirtear linn chomh maith gur fhan Muire i bhfochair Eiliosaibeit ar feadh trí mhí, achar a bhí fada go leor le bheith ag cabhrú léi roimh bhreith an linbh. Nuair a chuala a comharsana agus a gaolta gur rugadh mac di, 'rinne siad comhghairdeas léi'. (Lúcas 1:58).

An rud is suntasaí faoin scéal seo ná gur léirigh a cairde, a gaolta is a dea-chomharsana an lúcháir a bhíonn ar chách nuair a thagann leanbh nua ar an saol, agus gur thug siad cabhair phraiticiúil de réir mar ba ghá. Tá sé riachtanach go mbeadh meas ar an mbeatha ag an bpobal má theastaíonn uainn cultúr an ghrá a chothú. Mar a dúirt An Pápa Beinidict XVI:

Tá intinn oscailte don bheatha ag croílár an fhoráis fhirinnigh. Má bhíonn sochaí ar bith ag dul i dtreo diúltú don bheatha, nó ag iarraidh í

a chur faoi chois, ní bhíonn an spreagadh nó an neart ann dá bharr san, bheith ag saothrú ar mhaithe le leas ceart an chine dhaonna. Má ghlacaimid go fonnmhar leis an mbeatha, láidirítear an croí agus an mheanma ionainn ionas gur féidir linn maireachtáil go grámhar ar scáth a chéile.'

Tá traidisiún láidir againn mar chomhlúadar bheith mar dhea-chomharsana dá chéile agus cúnaimh frithpháirteach a léiriú. Tá deis againn ar Lá Fhéile na Beatha bealaí a aimsiú ionainn féin ina bhféadfaimis cabhair a chur ar fáil dár gcomharsana, agus cáilíocht na beatha a fheabhsú do dhaoine eile agus don phobal i gcoitinne, sa ré seo an anáis airgeadais, ach go háirithe.

Má ghlacaimid go fonnmhar leis an mbeatha, agus má thugaimid tacaíocht don té atá ar an imeall, don té nach bhfuil meas madra ag an saol air, is féidir linn claocúlú a chur i bhfeidhm ar luachanna saoil an tomhaltais. Is féidir linn cur go mór le cáilíocht beatha agus sonas chách má dhéanaimid deimhin de go mbeidh meas ar an uile dhuine beo, ón uair a ghintear iad go dtí uair an bháis. Tá an mianach ceart ionainn pobal grámhar agus cultúr a thuigeann luach na beatha a chruthú, má shínimid an lámh chúnta chucusan atá ag fulaingt de bharr na géarchéime fada eacnamaí.

Ar Lá Fhéile na Beatha 2011 iarrtar orainn sochaí a thógáil ina mbíonn meas ar chách díreach mar ar cruthaíodh muid, toisc go bhfuil grá ag Dia dúinn, toisc gur shlánaigh Críost sinn, agus ní toisc go bhfuil ainm in airde orainn ná go bhfuil cumhacht nó acmhainní againn, ach de bharr an luacha bhunúsáigh a bhaineann linn. Iarrtar orainn athfhionnadh a dhéanamh ar an fhirinne seo: go dtagann an sonas is an lúcháir is mó a bheadh orainn anuas nuair a thuigimid go bhfuil cion ag Dia orainn i gcónaí, agus má bhíonn muinín againn as grásta Dé, cuma faoi na teipeanna a tharlaíonn inár saol, go mbeidh ár 'lúcháir-se iomlán' (Eoin 15:11).

¹ An Pápa Beinidict XVI, *Caritas in Veritate*, n. 28.